Samhain 2025

# Tuarascáil QQI ar an mBearna Phá idir na hInscní

Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann
Quality and Qualifications Ireland

# CLÁR

Tuairisciú na bearna pá idir na hinscní 2025 .......... 1
Cad is brí leis an mbearna phá idir na hinscní? .......... 2
An mhodheolaíocht .......... 2
Figiúirí inscne QQI .......... 3
Bearta chun díriú ar an mbearna phá idir na hinscní .......... 7
Dualgas na hEarnála Poiblí .......... 8

## Tuairisciú na bearna pá idir na hinscní 2025

Tugadh isteach leis an Acht um Fhaisnéis faoin mBearna Phá idir na hInscní 2021 an bonn reachtach le haghaidh tuairisciú na bearna pá idir na hinscní in Éirinn. Tháinig rialacháin faoi Acht i bhfeidhm ar an 31 Bealtaine 2022 agus foilsíodh iad i Leabhar na Reachtaíochta. Ceanglaíonn an tAcht ar eagraíochtaí tuairisciú ar a mbearna phá san uair idir na hinscní de réir méadrachtaí éagsúla.

Iarrtar ar eagraíochtaí a bhfuil os cionn 50 fostaí acu tuairisciú ar an mbearna phá idir na hinscní den chéad uair in 2025. De réir an Achta, tá a chéad tuairisc ar an mBearna Phá idir na hInscní curtha i dtoll a chéile ag QQI i mbliana.  Corpraítear sa tuarascáil seo fostaithe a bhí fostaithe le linn na tréimhse tuairiscithe lena n-áirítear fostaithe a bhí ar saoire idir 30 Meitheamh 2024 go 30 Meitheamh 2025 agus leagtar amach ann staitisticí na bearna pá maidir le QQI.

# Cad is brí leis an mBearna Phá idir na hInscní (GPG)?

## Cad is brí leis an mBearna Phá idir na hInscní (GPG)?

Is í an GPG an difríocht ar an meán idir pá na bhfear agus pá na mban i bpobal áirithe. Cuirtear an GPG i láthair de ghnáth mar an mheándifríocht idir tuilleamh comhlán na bhfear san uair agus na mban san uair, i bhfoirm céatadáin de mheántuilleamh na bhfear san uair. Tugann GPG dearfach le fios gur lú fabhar cás na mban ná cás na bhfear ar an meán sa phobal fostaithe. A mhalairt a thugtar le fios le GPG diúltach – gur lú fabhar cás na bhfear ná cás na mban.

## An mhodheolaíocht

Chun ár dtuairisc GPG a ghiniúint, d'fhéachamar ár rátaí pá ar fud QQI tríd an mheánbhearna phá idir na hinscní, an bhearna phá airmheánach idir na hinscní agus na bandaí pá ceathairíle a thomhas.

# Figiúrí inscne QQI

## Figiúrí inscne QQI


Mar ghníomhaireacht stáit faoi choimirce na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Nuálaíochta agus Eolaíochta, tá gach fostaí de chuid QQI ailínithe le struchtúir phá a chloíonn le treoirlínte na hearnála poiblí ina ndéantar soláthar do phá comhionann as obair chomhionann beag beann ar inscne agus dul chun cinn incriminteach bunaithe ar fheidhmíocht shásúil agus blianta seirbhíse. Foilsítear ár scálaí pá ar ár suíomh Gréasáin Acmhainní Daonna QQI. Ní dhéanann QQI íocaíochtaí bónais ná íocaíochtaí sochair chomhchineáil le fostaithe.

Ba é 92 líon iomlán na bhfostaithe ábhartha ar dháta an léargais an 30 Meitheamh 2025. Maidir leis an tréimhse tagartha, ba mhná 74% agus fir 26% d'fhoireann QQI. I róil riaracháin a fhostaítear fostaithe QQI. Is scálaí teagaisc agus riaracháin na scálaí tuarastail a chuirtear i bhfeidhm. Sa tréimhse tagartha, d'fhág ceathrar QQI, triúr fear agus bean amháin. Bhí ceathrar tosaitheoirí nua ag QQI le linn na tréimhse tagartha, triúr ban agus fear amháin.

Achoimrítear i nGraf 1 thíos céatadán na bhfostaithe fear agus ban.

## Graf 1

**Fostaithe de réir Inscne**




**Fir 26%** **Mná 74%**

**Fostaithe – Lánaimseartha i gcomparáid le Páirtaimseartha**




**Páirtaimseartha 9.78%** **Lánaimseartha 90.22%**

Amhail ag 30 Meitheamh 2025, bhí an mheánbhearna phá idir na hinscní i gcás na bhfostaithe uile 8.7% i bhfabhar na bhfostaithe fear. I gcás na bhfostaithe páirtaimseartha ba é 19% an bhearna phá idir na hinscní, i bhfabhar na mban.

Mar sin féin, i ngeall ar líon beag na bhfostaithe fear, bhí meántuarastal na bhfear claonta aníos ag tuarastal an Phríomhfheidhmeannaigh. Léiriú níos cruinne ar an mbearna phá idir na hinscní i QQI is ea na rátaí airmheánacha pá. Taispeánann an bhearna phá airmheánach go dtuilleann fostaithe ban 6.3% níos mó ná a gcontrapháirtithe fear.

### An Mheánbhearna Phá idir na hInscní

Tiontaítear gach tuarastal go ráta san uair agus suimítear iad d'fhir agus do mhná faoi seach. Déantar an difríocht idir an meánphá (airmheánach) do chomhghleacaithe fear agus ban a ríomh ansin agus cuirtear in iúl é mar chéatadán de phá na bhfear. Más figiúr dearfach é seo, tá meánráta na bhfear san uair níos airde ná meánráta na mban san uair ar dháta an léargais.

## An Bhearna Phá Airmheánach idir na hInscní

Tiontaítear gach tuarastal fear agus ban go rátaí san uair agus liostaítear iad ón gceann is airde go dtí an ceann is ísle faoi seach. Cuirtear an difríocht idir ráta airmheánach pá na bhfear agus na mban in iúl mar chéatadán de phá airmheánach na bhfear. Tugann sé seo léiriú níos cruinne ar an difríocht 'tipiciúil' sa phá.

Achoimrítear thíos i dTábla 1 na meánbhearnaí agus na bearnaí airmheánacha pá idir na hinscní i gcás gach fostaí.

## Tábla 1

**Meánbhandaí Phá agus Bandaí Airmheánacha Pá**

| An Bhearna Phá Airmheánach idir na hInscní | 8.7% | An Bhearna Phá Airmheánach idir na hInscní | (6.3%) |
|---|---|---|---|
| **Difríocht sa mheánráta san uair** | €3.70 | Difríocht sa mheánráta san uair | (€1.95) |

| Meánrátaí Pá san Uair | €39.67 | Rátaí Airmheánacha Pá san Uair | €33.00 |
|---|---|---|---|
| **Meánráta pá san uair - fir** | €42.42 | Rataí airmheánacha pá san uair - fir | €31.07 |
| **Meánráta pá san uair - mná** | €38.72 | Rataí airmheánacha pá san uair - mná | €33.02 |
| **Difríocht** | €3.70 / 8.7% | | (€1.95) / (6.3%) |

## Bandaí Pá Ceathairíle

Ríomhtar ceathairílí pá trí líon iomlán na bhfostaithe in eagraíocht a roinnt ina gceithre ghrúpa chothroma de réir a leibhéal pá san uair. Trí fhéachaint ar an gcion fear agus ban i ngach ceathairíl, faightear léargas ar an ionadaíocht inscne ag leibhéil éagsúla den eagraíocht.

Cuidíonn sé le QQI scrúdú a dhéanamh ar phá trasna leibhéil éagsúla den eagraíocht fostaithe a roinnt ina gceithre ghrúpa (nó ceathairílí) cothroma nó beagnach cothrom, agus an pá a ghrádú ón gceann is ísle go dtí an ceann is airde. Den chuid is mó, tá an dáileadh

cothrom trasna na ngrád ach amháin sa cheathairíl láir uachtarach mar a bhfuil ionadaíocht i bhfad níos ísle ag fostaithe fear.

Achoimrítear i dTábla 2 thíos na bandaí pá ceathairíle d'fhostaithe:


## Tábla 2

**Bandaí Pá Ceathairíle**

| Inscne | Íochtarach | Íochtarach Láir | Uachtarach Láir | Uachtarach |
|---|---|---|---|---|
| **Fir** | 33% | 26% | 9% | 36% |
| **Mná** | 67% | 74% | 91% | 64% |

Léirítear i nGraf 2 an scaipeadh foriomlán foirne idir fhir is mhná de réir gráid ag QQI.

## Graf 2



# Bearta chun díriú ar an

# an mbearna phá idir na hinscní

## Bearta chun dírú ar na mbearna phá idir na hinscní

Tá QQI tiomanta do chultúr comhionannais, éagsúlachta agus cuimsitheachta a bhunú agus a chothabháil chun tacú lena chuid oibre maidir le feabhsú agus rialú cáilíochta sanoideachas treasach agus san oiliúint. Mar fhoras rialála, tá ról ríthábhachtach againn maidir le sochaí chothrom agus chuimsitheach a chothú ina n-aithnítear an éagsúlacht, ina léirítear meas uirthi agus ina mbaintear leas aisti ar mhaithe le leas an phobail.

Mar fhostóir comhdheiseanna, oibrímid chun cultúr comhionannais, éagsúlachta agus uilechuimsitheachta a chur chun cinn ina ndéanaimid ár ndícheall comhionannas deiseanna a chothú trínár bpróisis earcaíochta agus roghnúcháin, atá ar oscailt do chách.

Tá rogha cosán gairme agus deiseanna soghluaiseachta ag ár bhfostaithe, agus infheistímid inár bhfostaithe trí oiliúint agus oideachas, straitéisí folláine, agus forbairt gairme. Tacaítear lenár bhfostaithe, nuair is féidir, trí chothromaíocht oibre is saoil agus tionscnaimh atá cairdiúil don teaghlach trína gcuirtear socruithe oibre solúbtha ar fáil. Leanfaimid orainn ag tacú leis na deiseanna foghlama agus forbartha comhionannais inscne atá i bhfeidhm faoi láthair laistigh de QQI.

Tráth an léargais seo, ba é tuarastal na mball foirne fireann sinsearach ba chúis leis an difríocht idir an meánphá agus an pá airmheánach san uair. Sa bhliain 2025, ceapadh baill foirne baineanna sna poist shinsearacha seo. Dá bhrí sin, meastar go léireofar i GPA QQI in 2026 meánuaireanta pá agus uaireanta airmeánacha pá níos airde don fhoireannn bhhaineann i gcomparáid lena gcontrapháirtithe fireanna.

## Dualgas na hEarnála Poiblí

Déanaimid cuid slán de gach gné dár gcuid oibre den Dualgas Earnála Poiblí. Ceanglaítear leis an dualgas seo, atá leagtha amach in Alt 42 d'Acht Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014, ar chomhlachtaí poiblí deireadh a chur le hidirdhealú, comhionannas a chur chun cinn, agus cearta an duine a chosaint do bhaill foirne agus d'úsáideoirí seirbhíse araon.

Aithnímid na spriocanna i bpháirt atá i dtuarascáil Dhualgas na hEarnála Poiblí agus an Bhearna Phá idir na hInscní, agus leagann foilsiú na tuarascála seo béim ar ár dtiomantas iomlán don phróiseas trí chéim a mholann an Coimisiún um Chearta an Duine agus Comhionannas na hÉireann: Measúnú, Díriú, agus Tuairisciú